Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht, 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.
Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Réamhrá Ginearálta

Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Gnáthleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.

In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.

Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith.

Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharcála seo iomlán ná uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais. Níl na tuairiscí ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do scrúdaitheoir comhairleach.

Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

**AONAD A hAON**

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR DHÁ CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA** *Marcanna*

**CEIST 1. AN FHEALSÚNACHT**

**Freagair a) agus b).**

1 1a) **Samhlaigh go bhfuil tú i mbun tionscadail ar an tábhacht a bhaineann leis an bhfealsúnacht mar ábhar scoile.**
**Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a bhféadfadh an staidéar ar an bhfealsúnacht a bheith fiúntach do dhaltaí an lae inniu.** 20 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chuardach brí agus luachanna i smaointeoireacht fhealsúnach trí eolas cruinn a leagan amach ar an dóigh a bhféadfadh an staidéar ar an bhfealsúnacht a bheith fiúntach do dhaltaí an lae inniu.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Tosaíonn an fhealsúnacht le hiontas; déanann daoine iontas faoi chineál na cruinne etc.
- Cuireann an fhealsúnacht ceisteanna atá lárnach i bhforbairt duine e.g. cad é sprioc na beatha? etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

1 1b) ● **PLATÓN** ● **SÓCRAITÉAS** 20 *Grádaithe*
**Roghnaigh duine amháin de na fealsaimh atá liostaithe thuas agus mínigh conas a d'fhéadfadh aon smaoineamh dá chuid cabhrú le duine atá ag cuardach bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar chuardach brí i smaointeoireacht fhealsúnach trí eolas cruinn a thabhairt ar an dóigh a bhféadfadh smaoineamh fealsúnach de chuid Phlatón nó Shócraitéas cabhrú le duine atá ag cuardach bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Sócraitéas — smaoineamh go ndéanann daoine an méid atá maith nuair atá a fhios acu cad é atá maith; eitic; brí a fháil trí shaol maith a chaitheamh, etc.
- Platón — Léiríonn Fáthchiallacht na hUaimhe an tábhacht a bhaineann le gan a bheith scaipthe ag cumaí; breathnú níos doimhne ar réaltacht etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**CEIST 2. AN SPIORADÁLTACHT**

**Freagair a) agus b).**

1 2a) **Tabhair breac-chuntas ar shampla amháin den chaoi ina bhfeictear spéis sa spioradáltacht i saol na ndaoine a mhair i sochaí ársa.** 20 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcaoi ar léirigh daoine spéis sa spioradáltacht ó na luathréanna trí eolas cruinn a leagan amach ar an gcaoi ina bhfeictear spéis sa spioradáltacht i saol na ndaoine a mhair i sochaí ársa.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Spéis i dtimthriall na beatha, an bháis agus na hathbhreithe — na snoiteáin triscéile atá ar fáil ar na clocha colbha i Sí an Bhrú, Co. na Mí etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

1 2b) **Déan cur síos ar an gcaoi inar mharcáil daoine a mhair i sochaí ársa deasghnáth aistrithe saoil amháin i saol an duine.** 20 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chuardach brí i sochaí ársa trí chuntas cruinn a thabhairt ar dheasghnáth aistrithe saoil amháin a cheiliúir daoine a mhair i sochaí ársa.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Deasghnáth aistrithe saoil ó óige go haosacht — deighilt ón teaghlach/ón bpobal; tréimhse ullmhúcháin oideachais/trialach; ath-chomhtháthú mar aosach, isteach sa phobal etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**CEIST 3. ÍOMHÁNNA DE DHIA**

**Freagair a) agus b).**

1 3a) **Déan cur síos ar shampla d'íomhá nua-aimseartha de Dhia atá le fáil i gceann amháin díobh seo a leanas:** 20 *Grádaithe*

**● EALAÍN ● SCANNÁN ● CEOL**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar thuiscint chomhaimseartha ar Dhia trí chuntas cruinn a thabhairt ar íomhá de Dhia a bhaineann le healaín, le scannán nó le ceol.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Ealaín e.g. 'Jesus of the People' le Janet McKenzie — íomhá de Dhia mar bhean Mheiriceánach Afracach; feictear Dia mar dhuine a sheasann le daoine imeallaithe etc.
- Scannán e.g. 'The Passion of the Christ' le Mel Gibson — feictear Dia mar shlánaitheoir atá ag fulaingt etc.
- Ceol e.g. amhrán Kanye West 'Jesus Walks' — feictear Dia mar dhuine a shiúlann le cách etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

1 3b) **Déan comparáid idir an íomhá nua-aimseartha de Dhia a ndearna tú cur síos uirthi i gcuid a) thuas, agus íomhá sheanbhunaithe de Dhia a luaitear le mór-reiligiún domhanda a ndearna tú staidéar air.** 20 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar íomhánna comhaimseartha agus traidisiúnta de Dhia trí chuntas cruinn a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó na difríochtaí idir an íomhá chomhaimseartha de Dhia a bhfuil cur síos déanta uirthi i gcuid a) den cheist agus íomhá thraidisiúnta de Dhia a luaitear le mór-reiligiún domhanda.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Ealaín e.g. 'Jesus of the People' le Janet McKenzie — cosúil leis an íomhá bhíobalta de Dhia mar bhean, mar mháthair etc.
- Scannán e.g. 'The Passion of the Christ' le Mel Gibson — cosúil le híomhá de Dhia mar 'abba', athair, a bhfuil cion aige ar an gcine daonna sa dóigh chéanna a bhfuil cion ag tuismitheoir ar leanbh etc.
- Ceol e.g. 'Jesus Walks' le Kanye West — cosúil le híomhá de Dhia mar ní uilechumhachtach, fíorchumasach etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

## AONAD A DÓ

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR DHÁ CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA** *Marcanna*

**Freagair a), b) agus c).**

**2 Ba)** 20 *Grádaithe*

- **SOCHAÍ CHÓIR AGUS UILEGHABHÁLACH Á CRUTHÚ**
- **NA STRUCHTÚIR Á NEAGRÚ DO PHOBAL CRÍOSTAITHE**
- **AG FREAGAIRT DÓIBH SIÚD ATÁ AG FÁIL BHÁIS**
- **AG FREAGAIRT DON FHORÉIGEAN NÓ DON ÉADULAINGT NÓ DON SEICTEACHAS**
- **ACMHAINNÍ AN DOMHAIN Á ROINNT**

**Scrúdaigh an cur chuige a ghlac Íosa ina mhisean maidir le ceann amháin de na saincheisteanna atá liostaithe thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas agus tuiscint ar theagasc Íosa trí shúil ghéar a chaitheamh ar an gcur chuige a ghlac Íosa ina mhisean maidir le ceann amháin de na saincheisteanna atá liostaithe thuas.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Sochaí chóir agus uileghabhálach a chruthú — shín Íosa lámh chairdis do na boicht, do lucht an dobróin, etc.
- Na struchtúir á n-eagrú do phobal Críostaithe — bhunaigh Íosa pobal aspal agus deisceabal etc.
- Ag freagairt dóibh siúd atá ag fáil bháis — d'ardaigh Íosa mac na baintrí i Náin etc.
- Ag freagairt don fhoréigean nó don éadulaingt nó don seicteachas — shín Íosa lámh chairdis dóibh siúd a fágadh amach; theagasc sé grá don namhaid dá dheisceabail, etc.
- Acmhainní an domhain a roinnt — theagasc Íosa dá dheisceabail grá a bheith acu dá chéile; roinnt le daoine eile e.g. míorúilt bheathú an 5,000 duine etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 Bb)** **Imscrúdaigh an chaoi a ndéanann sainchreideamh Críostaí amháin sa lá atá inniu ann iarracht leanúint le misean Íosa maidir leis an tsaincheist atá scrúdaithe agat i gcuid *a)* thuas.** 30 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar thábhacht theagasc Íosa do Chríostaithe sa lá atá inniu ann trí scrúdú a dhéanamh ar, agus trí chonclúidí cruinne a bhaint as, an gcaoi a ndéanann sainchreideamh Críostaí amháin sa lá atá inniu ann iarracht leanúint le misean Íosa maidir leis an tsaincheist atá shainaitheanta i gcuid a) den cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Sochaí chóir agus uileghabhálach a chruthú e.g. déanann 'misin chathrach' na hEaglaise Modhaí in Éirinn cuimsiú a chur chun cinn etc.

- Na struchtúir á n-eagrú do phobal Críostaithe e.g. ministreacht pharóiste agus adhradh paróiste; eagraithe mar dheoisí etc.
- Ag freagairt dóibh siúd atá ag fáil bháis e.g. oird rialta ag tabhairt cúraim do na heasláin agus dóibh siúd atá ag fáil bháis etc.
- Ag freagairt don fhoréigean nó don éadulaingt nó don seicteachas e.g. comhchruinníonn sainchreidimh Chríostaí in Ionad Athmhuintearais Ghleann Crí chun síocháin agus athmhuintearas a fhorbairt idir pobail reiligiúnacha éagsúla etc.
- Acmhainní an domhain a roinnt e.g. oibríonn sainchreidimh Chríostaí trí Thrócaire agus trí Christian Aid chun acmhainní an domhain i dtíortha an Tríú Domhan a fhorbairt etc.

*Tabhair ar aird*: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

**2 Bc) Déan cur síos ar dhá bhealach inar chuir rialú ón Róimh isteach ar ghnáthshaol na ndaoine a bhí ina gcónaí sa Phalaistín in aimsir Íosa.** 30 (15Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcomhthéacs reiligiúnach sa Phalaistín in aimsir Íosa trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá bhealach inar chuir rialú ón Róimh isteach ar ghnáthshaol na ndaoine a bhí ina gcónaí sa Phalaistín in aimsir Íosa.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Rialaigh rialtóirí na Róimhe an t-ord polaitíochta; Chomhoibrigh na Sadúcaigh a rialaigh an Sainidrín leis na Rómhánaigh chun seasamh le dlíthe Giúdacha agus chun an Teampall in Iarúsailéim a chaomhnú etc.
- Chuir cánacha na Rómhánaigh in aghaidh thuairim dhaingean na nGiúdach gur le Dia a dtalamh agus a dtorthaí etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 > 13 | 12 > 11 | 10 > 9 | 8 > 6 | 5 > 4 | 3 > 2 | 1 > 0 | 15Mx2 |

| **ROINN C** | **REILIGIÚIN DHOMHANDA** | *Marcanna* |
|---|---|---|

**Freagair a), b) agus c).**

**2 Ca)** **Scrúdaigh an tuiscint atá ar an slánú/saoradh atá le fáil sa Chríostaíocht *nó* sa Ghiúdachas.** 20 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar na príomhghnéithe de reiligiún domhanda trí shúil ghéar a chaitheamh ar an tuiscint atá ar an slánú/saoradh atá le fáil sa Chríostaíocht nó sa Ghiúdachas.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Chríostaíocht e.g. An slánú/an saoradh — saoirse/sábháilteacht ó fhórsaí atá scriosach; braistint sláinte/iomláine; bronntanas ó Dhia a chuaigh isteach i stair trí Íosa Críost chun an cine daonna a fhuascailt etc.
- An Giúdachas e.g. Teitheadh ón Éigipt — imeacht mór slánaithe/saortha; tuigtear gur threoraigh Dia an stair agus gur gheall sé fuascailt sa todhchaí; tuigtear gurb ionann dúchas morálta/spioradálta na ndaoine agus lánsástacht i nDia a aimsiú etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 Cb)** **Déan cur síos ar dhá dheasghnáth reiligiúnacha a mharcálann tréimhse sa bhliain a bhfuil tábhacht reiligiúnach ann do na baill de cheann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:** 30 (15Mx2) *Grádaithe*
◆ **AN BÚDACHAS** ◆ **AN HIONDÚCHAS** ◆ **AN TIOSLAMACHAS**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an dóigh a ndéantar tréimhse a bhfuil tábhacht reiligiúnach ann a cheiliúradh i reiligiún domhanda trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá ghníomh nó chomhartha shiombalacha a mharcálann tréimhse sa bhliain a bhfuil tábhacht reiligiúnach ann do na baill den Bhúdachas, den Hiondúchas nó den Ioslamachas.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Búdachas e.g. marcáiltear breith Bhúda (Vesak) trí dhealbha Bhúda mar leanbh a fholcadh; mórshiúlta sráide le flótaí ar shaol Bhúda etc.; marcáiltear bás an Bhúda / a dhul isteach i Nirbheána (Lá Nirbheána) trí bhláthanna agus bhianna a ofráil i dteampall Búdaíoch etc.
- An tIoslamachas e.g. marcáiltear breith Mhahamad (Maulid-al-Nabi / Maulid an-nabi) trí chuairt a thugann leantóirí an Ioslamachais ar Mhosc agus trí chóisirí a bhíonn acu le cairde etc.; marcáiltear deireadh Ramadan (Eid-ul-Fitr) trí íobairt a ofrálann leantóirí an Ioslamachais; tabhartais a thabhairt do charthanas; cuairt a thabhairt ar reiligí; bronntanais a mhalartú etc.
- An Hiondúchas e.g. marcáiltear breith an dé eilifint-cheannaigh trína íomhá a shuiteáil i dtithe Hiondúcha; trí bhia speisialta a úsáid etc.; marcáiltear filleadh Rama agus Sita, na

déithe Hiondúcha, ar a Ríocht tar éis deoraíochta (Díbheálaí) trí lampaí a shoilsiú, trí bhronntanais a mhalartú agus trí urnaithe a ofráil do bhandia an rathúnais etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 > 13 | 12 > 11 | 10 > 9 | 8 > 6 | 5 > 4 | 3 > 2 | 1 > 0 | 15Mx2 |

**2 Cc)** ● **MANA** ● **SEAMAN/SHAMAN** ● **GEIS** ● **TÓTAM** 30 (15Mx2) *Grádaithe*

**Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist le dhá ghné de reiligiún príomhúil atá liostaithe thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an dóigh a bhfuil creideamh reiligiúnach ársa, éagsúil agus dinimiciúil trí chuntas a thabhairt ar a bhfuil i gceist le dhá ghné de reiligiún príomhúil atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Mana — creideamh go mbíonn roinnt daoine / áiteanna / nithe neadaithe leis an gcumhacht a thagann as gaol le déithe agus le sinsir e.g. Bíonn Mana a bpobail i dTaoisigh Threibhe etc.
- Geis — creideamh go mbíonn duine / mír / áit áirithe seasta 'amach' chun a bheith mar mheán do chumhacht shaol na spiorad.
- Tótam — Rud sa nádúr atá ina shiombail ar eisint spioradálta duine aonair / grúpa; a cheanglaíonn le sinsir spioradálta etc.
- Seaman — fear / bean a fhaigheann tabhartais óna s(h)insir ó oidhreacht le go mbeadh sé / sí ina (h)idirghabhálaí beo idir an cine daonna agus na spioraid a chónaíonn sa chosmas; ceannairí spioradálta a bhfuil ról fáithe agus/nó leighis acu etc.

*Tabhair ar aird*: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 > 13 | 12 > 11 | 10 > 9 | 8 > 6 | 5 > 4 | 3 > 2 | 1 > 0 | 15Mx2 |

## ROINN D    CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH    *Marcanna*

**Freagair a), b) agus c).**

**2 Da)** **Is ábhar imní do dhaoine uaireanta é fios a bheith acu cad é atá ceart agus cad é atá mícheart maidir le ceisteanna a bhaineann leo seo –** 20 *Grádaithe*

**● COIREANNA & PIONÓS ● EITIC AN LEIGHIS ● POLAITÍOCHT & EACNAMAÍOCHT**
**● CAIDREAMH & COLLAÍOCHT ● FORÉIGEAN & COGADH**

**Roghnaigh ceann amháin de na topaicí thuas agus déan cur síos ar shampla den phróiseas a leanfadh duine atá aibí ó thaobh na moráltachta de agus cinneadh á dhéanamh aige/aici faoin rud atá ceart agus an rud atá mícheart maidir le ceist ar leith.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar aibíocht ó thaobh na moráltachta de agus ar thasc na cinnteoireachta ar bhonn morálta trí chuntas cruinn a thabhairt ar an bpróiseas a leanfadh duine atá aibí ó thaobh na moráltachta de agus cinneadh á dhéanamh aige/aici faoin rud atá ceart agus an rud atá mícheart maidir le ceist ar leith.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Dul i gcomhairle lena c(h)oinsias; lena p(h)rionsabail mhorálta; le teagasc na n-údarás morálta; agus cinneadh á dhéanamh aige/aici faoi na nithe seo a leanas -
  - e.g. cé acu atá nó nach bhfuil an ceart ag an Stát chun daoine a rinne coireanna tromchúiseacha a chur chun báis (Coireanna agus Pionós) etc.
  - e.g. cé acu a cheadaítear nó nach gceadaítear deireadh a chur le saol duine chun tuilleadh fulaingthe a chosc (Eitic an Leighis) etc.
  - e.g cé acu ba cheart nó nár cheart freagracht a bheith ar ghnóthais agus ar údaráis shibhialta as aire a thabhairt don domhan . (Polaitíocht agus Eacnamaíocht) etc.
  - e.g. cé acu atá sé nó nach bhfuil sé ceart caidreamh collaí a chleachtadh le duine lasmuigh de phósadh (Caidreamh agus Collaíocht) etc.
  - e.g. cé acu is féidir nó nach féidir údar a thabhairt le cogadh / foréigean i gcás ar bith (Foréigean agus Cogadh) etc.

*Tabhair ar aird*: Glac le freagraí tuairisciúla; an modh 'STAR/ LISTEN etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 Db)** **Scrúdaigh an chaoi a mbreathnaítear ar an tsaincheist a bhfuil cur síos déanta agat uirthi i gcuid a) thuas i dteagasc mór-reiligiúin dhomhanda amháin.** 30 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcaoi a dtagann dearcadh reiligiúnach aníos as traidisiúin agus creidimh thraidisiúin reiligiúnaigh trí shúil ghéar a chaitheamh ar theagasc mór-reiligiúin dhomhanda ar an tsaincheist a bhfuil cur síos déanta uirthi i gcuid a) den cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Coireanna agus Pionós e.g. pionós an bháis — ceadaíonn an caiticeasma Caitliceach Rómhánach don údarás iomchuí an leas coiteann a chosaint le pionós an bháis; an t-aon fhíreánú le pionós an bháis a úsáid ba ea easpa bealaí eile chun an tsochaí a chosaint — Evangelium Vitae etc.
- Eitic an Leighis e.g. Eotanáis — ní ghlactar léi sa Ghiúdachas toisc go meastar gur tabhartas ó Dhia í an bheatha; ceadaítear do dhaoine Giúdacha diúltú do chóireáil leighis nach bhféadfaí a chatagóiriú mar íoc etc.
- Polaitíocht agus Eacnamaíocht e.g. an Comhshaol — san Ioslamachas, meastar gur le gach ní beo eilimintí den nádúr (talamh, uisce, aer, tine, foraoisí, solas na gréine) agus nach le haghaidh úsáid na ndaoine amháin iad; bíonn freagracht speisialta ar chreidmhigh as caitheamh le hacmhainní nádúrtha go cúramach etc.
- Caidreamh agus Collaíocht e.g. caidreamh collaí lasmuigh de phósadh — meastar gur sárú mór Darma é an t-adhaltranas; drochthorthaí morálta/sóisialta do chóras na gceastaí, luachanna teaghlaigh, etc.
- Foréigean agus Cogadh e.g. theagasc an Búda grá agus atrua do chách; is éard atá i 'Ná déan marú' proiceapta bunúsach Búdachais; Dlí Karma — nár cheart do Bhúdaithe machnamh a dhéanamh ar smaointe ná ar mhothúcháin a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le foréigean a úsáid etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

**2 Dc)** **Ainmnigh teoiricí morálta a ndearna tú staidéar air/uirthi agus tabhair breac-chuntas ar a ndeir sé/sí atá i gceist i gcéim amháin den fhorbairt mhorálta.** 30 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar theoiric mhorálta agus tuiscint ar an bhforbairt mhorálta trí eolas cruinn a leagan amach ar a bhfuil i gceist i gcéim amháin den fhorbairt mhorálta a mhol teoiricí morálta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Piaget: Leanaí idir 4 bliana d'aois agus 8 mbliana d'aois — de ghnáth, tuigtear moráltacht mar rialacha a fhorchuireann daoine eile; de réir mar a éiríonn siad níos eolaí ar dhaoine eile, agus iad 10 mbliana d'aois, áirítear le breithiúnais mhorálta tuiscint ar intinní daoine eile etc.
- Kohlberg: Céim Réamh-Choinbhinsiúnach — cinntear moráltacht sa chéad dul amach trí phionós a sheachaint; spreagtar le luaíochtaí í; céim Choinbhinsiúnach — cinntear moráltacht leis an aidhm le míshásamh a sheachaint; an mhian le cáineadh ó údarás a sheachaint; céim Iar-Choinbhinsiúnach — tuigtear cóid mhorálta sheanbhunaithe agus tugtar aird orthu; spreagtar breithiúnais le luachanna morálta pearsanta etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

## AONAD A TRÍ

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN AMHÁIN DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

### ROINN F SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA *Marcanna*

**Freagair a) agus b).**

**3 Fa) Scrúdaigh na cúiseanna le sampla amháin d'fhoréigean struchtúrach a ndearna tú staidéar air.** 40 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar fhoréigean struchtúrach mar fhoirm foréigin trí shúil ghéar a chaitheamh ar na cúiseanna le sampla amháin d'fhoréigean struchtúrach.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Foréigean struchtúrach — foréigean atá ionsuite sna dlíthe / nósanna imeachta / córais i sochaí / i dtír a fhéadann a mbunchearta daonna a choinneáil ó dhaoine etc.
- D'fhéadfadh go n-áireofaí leis na cúiseanna le foréigean struchtúrach iarrachtaí chun an saol a fheabhsú don tromlach; chun modh maireachtála ar leith a aimsiú; ar mhaithe le cúiseanna slándála etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 Fb)**
- **CONAIR OCHTFHILLTE AN BHÚDACHAIS** 40
- **CEITHRE VARNA AN HIONDÚCHAIS** *Grádaithe*
- **ZAKAT IOSLAIM**

**Mínigh cén fáth a spreagfadh ceann amháin díobh sin thuas creidmhigh chun gníomhú ar son na córa agus na síochána.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar dhearcadh ar chóir agus ar shíocháin trí chuntas cruinn a thabhairt ar na fáthanna go spreagfadh ceann amháin de na dearcthaí reiligiúnacha atá liostaithe sa cheist creidmhigh chun gníomhú ar son na córa agus na síochána.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Conair Ochtfhillte an Bhúdachais — dá spreagfaí fís cheart agus caint cheart, d'fhéadfaidís cabhrú le tabhairt faoi na cúiseanna le coimhlint etc.
- Ceithre Varna an Hiondúchais — bíonn oibleagáid ar gach duine prionsabail eiticiúla an Hiondúchais a leanúint ina saol féin de réir fhreagrachtaí agus dhualgais a seasaimh (nó a n-aicme) sa tsochaí etc.
- Zakat Ioslaim — spreagann sé cuimhneamh ar dhaoine eile; feasacht orthu siúd nach bhfuil an saibhreas céanna acu; spreagann sé déanamh déirce; aithníonn sé cearta na mbocht chun cuid d'acmhainní an domhain a bheith acu etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN G ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTHA *Marcanna*

**Freagair a) agus b).**

**3 Ga)** ◆**AN BÚDACHAS** ◆**AN CHRÍOSTAÍOCHT** ◆**AN HIONDÚCHAS** ◆**AN TIOSLAMACHAS** ◆**AN GIÚDACHAS** — 40 (20Mx2) *Grádaithe*

**Samhlaigh gur iarradh ort spás a dhearadh inar féidir le baill de cheann amháin de na reiligiúin dhomhanda liostaithe thuas am a chaitheamh ag urnaí. Déan cur síos ar an spás a dhearfá agus mínigh conas a d'fhéadfadh dhá cheann dá ghnéithe cabhrú le creidmhigh urnaí a dhéanamh.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar na comhthéacsanna d'urnaí trí chuntas cruinn a thabhairt ar an dóigh a bhféadfadh dhá ghné de spás urnaí do bhaill de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist cabhrú le creidmhigh urnaí a dhéanamh.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Búdachas — D'fhéadfadh íomhá de Bhúda béim a leagan ar an eagnaíocht a thairgeann Búda; d'fhéadfadh túis a bheith ina siombail ar an dóigh ar leathnaigh teagasca Bhúda ar fud an domhain etc.
- An Chríostaíocht — D'fhéadfadh cros saol, bás agus aiséirí Íosa a chur i gcuimhne do chreidmhigh; d'fhéadfadh láithreacht na coinnle a bheith ina siombail ar sholas Chríost etc.
- An Hiondúchas — D'fhéadfadh íomhá de dhiacht a bheith ina fócas le haghaidh adhradh agus d'fhéadfaí bláthanna agus milseáin a thabhairt mar ofrálacha etc.
- An tIoslamachas — D'fhéadfadh mihrab (nideog nó cuasán) i gceann de na ballaí an treoir inar cheart féachaint le haghaidh Meice a thaispeáint do chreidmhigh; d'fhéadfadh féilire na gealaí féilte a thaispeáint etc.
- An Giúdachas — D'fhéadfadh Réalta Dháiví stair na nGiúdach a chur i gcuimhne do chreidmhigh; d'fhéadfadh solas síoraí an solas síoraí a dódh tráth ar Chnoc an Teampaill a chur i gcuimhne do chreidmhigh etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**3 Gb)** **Tá cineálacha éagsúla deasghnáth le fáil i dtraidisiúin reiligiúnacha sa lá atá inniu ann –** 40 *Grádaithe*

● **DEIMHNITHEACH** ● **AISIRÍOCH** ● **IDIRTHRÉIMHSEACH**

**Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist le ceann amháin de na cineálacha deasghnátha reiligiúnacha thuas agus déan cur síos ar shampla den chaoi a ndéantar an cineál deasghnátha atá roghnaithe agat a cheiliúradh laistigh de thraidisiún reiligiúnach sa lá atá inniu ann.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar thraidisiúin urnaí éagsúla trí eolas cruinn a leagan amach ar a bhfuil i gceist le ceann amháin de na cineálacha deasghnátha reiligiúnacha atá liostaithe sa cheist agus trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a ndéantar an cineál deasghnátha a cheiliúradh laistigh de thraidisiún reiligiúnach sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- Deasghnátha deimhnitheacha — ord a chaomhnú idir daoine agus an diagaire e.g. beannú reiligiúnach; beannachtaí; urnaithe a chabhraíonn le daoine tuiscint ar an láithreacht diaga ar domhan a aimsiú agus a choinneáil e.g. urnaithe roimh bhéilí etc.
- Deasghnátha aisiríocha — stádas duine laistigh dá p(h)obal reiligiúnach a athbhunú e.g. gnásanna leighis; gairm agus idirghuíonna ag am tinnis, tubaistí nádúrtha etc.
- Deasghnátha idirthréimhseacha — féiniúlacht reiligiúnach nó stádas duine a athrú e.g. marcálann deasghnátha ionadachta an trasdul duine go creideamh reiligiúnach e.g. sacraimintí Caitliceacha Rómhánacha ionadachta i.e. Baisteadh etc.; an tréimhse a chaitheann daoine óga sa Sangha chun foghlaim faoi Bhúdachas agus faoin modh maireachtála ar leith a bhaineann leis; marcálann deasghnáth Giúdach an Bar Mitzvah aibíocht reiligiúnach etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

| **ROINN I** | **REILIGIÚN: TAITHÍ NA hÉIREANN** | *Marcanna* |
|---|---|---|

**Freagair a) *nó* b) *nó* c) *nó* d) *nó* e*)*.**

**3 Ia) Scrúdaigh sampla amháin den chaoi ar chuir seilbh talún agus díth gabháltais isteach ar phatrún an dáileacháin reiligiúnaigh in Éirinn ón 17ú haois ar aghaidh.** 80 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith cumas chun forbairt an reiligiúin in Éirinn a rianú trí shúil ghéar a chaitheamh ar an gcaoi ar chuir seilbh talún agus díth gabháltais isteach ar reiligiún in Éirinn ón 17ú haois ar aghaidh.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Bhí athruithe polaitíochta ina gcúis le baint idir seilbh talún agus féiniúlacht reiligiúnach; faoi 1625 bhí líon suntasach plandálaithe Protastúnacha tar éis lonnú in Ulaidh; tháinig an talamh ab fhearr faoi úinéireacht na lonnaitheoirí Protastúnacha a d'éirigh ní ba líonmhaire ná cónaitheoirí Caitliceacha tar éis tamaillín; faoi na 1680idí, ní raibh cead ag Caitlicigh talamh a bheith acu ach amháin siar ón tSionainn agus ritheadh dlíthe chun cearta maoine na gCaitliceach a theorannú; faoi 1778, b'ionann seilbh talún i measc Caitliceach agus 5% etc.
- Rith an Pharlaimint Éireannach a bhí faoi smacht na bProtastúnach san 18ú haois na Péindlíthe a chinntigh go bhfanfadh Caitlicigh curtha as seilbh a dtailte agus go raibh cosc orthu a gcreideamh a chleachtadh etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 80 > 68 | 67 > 56 | 55> 44 | 43 > 32 | 31 > 20 | 19 > 8 | 7 > 0 | 80M |

***nó***

**3 Ib) Tabhair breac-chuntas gairid ar scéal beatha Éireannaigh amháin a bhunaigh mainistir san Eoraip.** 80 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an méid a chuir reiligiún Éireannach le forbairt an reiligiúin san Eoraip trí eolas cruinn a leagan amach ar bheatha Éireannaigh amháin a bhunaigh mainistir san Eoraip.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Colm Cille (Columba 521-597) — prionsa, fear léinn agus file; baint aige le mainistir a bhunú ar Oileán Í agus le hobair mhisinéireachta in Albain etc.
- Colmán (Columban) — rugadh i Laighin é agus oirníodh i mBeannchar é; baint aige le mainistreacha a bhunú in Luxeuil sa Fhrainc (590) agus in Bobbio san Iodáil (612) etc.
- Aodán (bás 651) — d'fhág sé Oileán Í ar iarratas Rí Oswald Northumbria chun mainistreacha a bhunú in áiteanna eile; mar easpag, d'oil sé daoine eile a bhunaigh mainistreacha nua ina dhiaidh sin etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 80 > 68 | 67 > 56 | 55 > 44 | 43 > 32 | 31 > 20 | 19 > 8 | 7 > 0 | 80M |

***nó***

**3 Ic)** **Déan cur síos ar dhá bhealach ina ndearna Céli Dé iarracht leasuithe a chur i gcrích sa traidisiún Críostaí in Éirinn san 8ú haois.** 80 (40Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith cumas chun forbairt an reiligiúin in Éirinn a rianú trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá bhealach ina ndearna Céli Dé iarracht leasuithe a chur i gcrích sa traidisiún Críostaí in Éirinn san 8ú haois.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Céli Dé (na Céilí Dé) — a thosaigh Máel Ruain agus Dudlittir, ar abaí mainistreacha i dTamhlacht agus i bhFionnghlas iad; d'fhéach siad le filleadh ar na hidéil a bhí ag na chéad mhanaigh Chríostaí i.e. spreagadh troscadh, urnaí agus aiséiteachas pearsanta; d'fhéach siad le hathnuachan ar thraidisiún aiséitiúil bunaithe ar Bhriathar Dé agus ar dheabhóid do na naoimh etc.
- Céli Dé — threoraigh siad athchóirithe ar bheatha liotúirgeach agus urnaí; bhí sé mar aidhm acu beatha a bhunú go hiomlán ar lárnacht agus ar ardcheannas Dé; leag siad an-bhéim ar an Domhnach a choimeád mar lá scíthe agus urnaí etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M x2 |

***nó***

**3 Id)** **Déan cur síos ar an gcaoi inar féidir dhá smaoineamh a bhaineann le Ré na hEagnaíochta a fheiceáil san obair a rinne an Cairdinéal Cullen in Éirinn sa 19ú haois *nó* san Eagnaíocht i mBéal Feirste.** 80 (40Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith cumas chun forbairt an reiligiúin in Éirinn a rianú trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi inar féidir dhá smaoineamh a bhaineann le Ré na hEagnaíochta a fheiceáil san obair a rinne an Cairdinéal Cullen in Éirinn sa 19ú haois nó san Eagnaíocht i mBéal Feirste.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
An obair a rinne an Cairdinéal Cullen in Éirinn sa 19ú haois —

- Is féidir béim ar oideachas réasúnach don aos óg a bhain leis an Eagnaíocht — dóigh ina ndearna an Cairdinéal Cullen soláthar d'oideachas tríú leibhéal na gCaitliceach Rómhánach tríd an Ollscoil Chaitliceach a bhunú in 1854 agus inar iarr sé ar John Henry Newman a bheith ar an gcéad Reachtaire dá cuid etc.

- Is féidir caithréim an réasúin a bhain leis an Eagnaíocht — dóigh inar thionóil an Cairdinéal Cullen Sionad Dhurlais in 1850 chun an Eaglais Chaitliceach Rómhánach in Éirinn a chur i gcomhréir le cleachtais deabhóide agus liotúirgeacha na mór-roinne; Mheas sé cleachtais thraidisiúnta Éireannacha deabhóide ar nós tórramh agus patrún a bheith ina gcleachtais leathphágánacha etc.

An Eagnaíocht i mBéal Feirste —

- An bhéim ar an bhfáil ar oideachas a bhain leis an Eagnaíocht — Ghlac daoine a raibh spéis acu i bhfoghlaim agus i ndíospóireacht páirt i gcumainn inar raibh fáil ar litríocht acu; bunú Cumainn Léitheoireachta mar chuid den Eagnaíocht i mBéal Feirste i 1788 etc.
- Smaointe na hEagnaíochta faoi chaoinfhulaingt reiligiún — rith Cumann Léitheoireachta Bhéal Feirste rún 'lenar tugadh cead iomlán agus láithreach do Chaitlicigh Rómhánacha a bheith páirteach sna cearta a bhí ag saoránaigh agus comhthírigh eile' etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40Mx2 |

***nó***

**3 Ie)** **Tabhair breac-chuntas ar dhá shampla den obair a rinne na hEaglaisí Críostaí chun an t-éacúiméineachas a chur chun cinn in Éirinn an lae inniu.** 80 (40Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an méid a chuir sainchreidimh Chríostaí le forbairt an reiligiúin in Éirinn trí eolas cruinn a leagan amach ar dhá shampla den obair a rinne na hEaglaisí Críostaí chun an t-éacúiméineachas a chur chun cinn in Éirinn an lae inniu.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- e.g. Tionscnamh na hEaglaise Preispitéirí agus na hEaglaise Modhaí in Éirinn i 1906 chun aontacht níos mó eatarthu a chur chun cinn etc.
- e.g. Bunaíodh Comhairle Aontaithe na nEaglaisí Críostaí agus na gComaoineacha Reiligiúnacha in Éirinn i 1923 etc.
- e.g. Cruinnithe Idir-Eaglaise idir Comhairle Éireannach na nEaglaisí agus an Eaglais Chaitliceach Rómhánach ón mbliain 1973 i leith chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna ar nós scrioptúir agus údaráis, na sacraimintí, seicteachais etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40Mx2 |

## ROINN J REILIGIÚN AGUS EOLAÍOCHT *Marcanna*

**3 J** **Tabhair breac-chuntas ar a raibh i gceist leis an tuairim a bhí ag Descartes maidir leis an 'cogito' agus scrúdaigh an tionchar a bhí aige ar an gcoibhneas idir an reiligiún agus an eolaíocht.** 80 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar phointe tábhachtach sa chaidreamh idir an eolaíocht agus an diagacht trí eolas cruinn a leagan amach ar an tuairim a bhí ag Descartes maidir leis an 'cogito' agus trí shúil ghéar a chaitheamh ar dhóigh amháin nó níos mó a raibh tionchar aici ar an gcoibhneas idir an reiligiún agus an eolaíocht.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An tuairim a bhí ag Descartes maidir leis an 'cogito' — amhras córasach; níorbh fhéidir leis a bheith in amhras go raibh sé ag smaoineamh, mar nach dtarlaíonn smaointeoireacht i bhfolús agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé cinnte go mbíonn sé toisc go raibh a mheabhair ag smaoineamh; is í an intleacht a chuireann in iúl do dhuine 'Smaoiním agus, dá bhrí sin, bím' agus mar sin de, is níos iontaofa a bhíonn an t-eolas sin ón intleacht ná an t-eolas a fhaightear ó na céadfaí etc.
- Bhí an tuairim a bhí ag Descartes ina cúis le deighilt idir an réimse meabhrach agus an réimse ábhartha sa smaointeoireacht eolaíoch mar a bhfacthas go raibh dhá chineál éagsúla beithe sa saol (déachas) i.e. ábhar seachtrach an tsaoil fhisicigh agus saol suibiachtúil inmheánach an tsaoil spioradálta; bhí an déachas seo ina chúis le feachtas i gcomhair cur chuige eolaíoch córasach maidir leis an saol a bhí ar an mbonn le haghaidh choincheap meicniúil na cruinne mar a mbeadh gach gluaiseacht intuartha ón taobh teoiriciúil de; bhí sé seo ina chúis faoi seach leis an tuairim nach raibh Dia tábhachtach sa saol a thuilleadh; ina cúis le deighilt idir an reiligiún agus an eolaíocht agus thosaigh sí Ré an Réasúin; a raibh féinmhuinín ina gné di; an tuairim go bhféadfaí rúin an tsaoil a aimsiú trí chumhacht na meabhrach amháin.
- Etc.

*Tabhair ar aird*: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 80 > 68 | 67 > 56 | 55 > 44 | 43 > 32 | 31 > 20 | 19 > 8 | 7 > 0 | 80M |

***Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge***

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

*Tábla I*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

- Oideachas Reiligiúnach – Ardleibhéal & Gnáthleibhéal

Iomlán: 320 Gnathráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

| | *Tuairiscín* |
|---|---|
| SÁRMHAITH | • Fianaise shubstaintiúil ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Tá ábhar an fhreagra iomlán agus is léir go mbaineann sé lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise shármhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| AN-MHAITH | • Fianaise an-mhaith ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Is léir go mbaineann ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise an-mhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| GO MAITH | • Fianaise mhaith ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Baineann ábhar an fhreagra go ginearálta lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon mhór-earráidí, nó fíorbheagán díobh, maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise mhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| RÉASÚNTA | • Fianaise leordhóthanach ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Gan ach baint theoranta ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise éigin ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| LAG | • Fianaise neamhleor ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Is beag baint atá ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mhaith mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| AN-LAG | • Is beag an fhianaise ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Gan ach baint an-bheag ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| GAN AON GHRÁD | • Is beag an fhianaise nó gan aon fhianaise ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Níl aon bhaint ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon fhianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |

*Maidir lena bhfuil á mheas sna Critéir Mharcála do gach ceist* —

| *ÁIRITHEOIR:* | *Fianaise sa fhreagra ar aidhmeanna/chuspóirí/thorthaí an tsiollabais:* | *An bhaint atá ag ábhar an fhreagra leis an gceist:* | *Cruinneas ábhar an fhreagra:* | *Fianaise ar ghabháil don scil (do na scileanna):* |
|---|---|---|---|---|
| SÁRMHAITH | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL | BAINT IOMLÁN AGUS SHOILÉIR | GAN AON MHÓR-EARRÁID(Í) | ÚSÁID SHÁRMHAITH SCIL(EANNA) |
| AN-MHAITH | FIANAISE AN-MHAITH | BAINT SHOILÉIR | GAN AON MHÓR-EARRÁID(Í) | ÚSÁID AN-MHAITH SCIL(EANNA) |
| GO MAITH | FIANAISE MHAITH | BAINT GHINEARÁLTA | BEAG FIANAISE AR MHÓR-EARRÁID(Í) | ÚSÁID MHAITH SCIL(EANNA) |
| RÉASÚNTA | FIANAISE LEORDHÓTHANACH | BAINT THEORANTA | ROINNT MÓR-EARRÁIDÍ | ÚSÁID ÉIGIN AS SCIL(EANNA) |
| LAG | FIANAISE NEAMHLEOR | BEAGÁN BAINTE | ROINNT MHAITH MÓR-EARRÁIDÍ | BEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) |
| AN-LAG | BEAG FIANAISE | FÍORBHEAGÁN BAINTE | MÓR-EARRÁID(Í) SHUBSTAINTIÚIL (SUBSTAINTIÚLA) | FÍORBHEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) |
| GAN AON GHRÁD | FÍORBHEAGÁN FIANAISE/ GAN AON FHIANAISE | GAN AON BHAINT | MÓR-EARRÁID(Í) SHUBSTAINTIÚIL (SUBSTAINTIÚLA) | GAN AON ÚSÁID AS SCIL(EANNA) |

*Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach – Gnáthleibhéal*

Aidhmeanna den obair chúrsa d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó cásmhaireachta
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, ar thuiscint, ar scileanna agus ar dhearcthaí na ndaltaí, de réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na roinne atá ainmnithe don obair chúrsa
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, faoi anailís agus faoi mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe den oideachas reiligiúnach i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh ag an leibhéal sinsearach. Tá obair chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe.

(*Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí* – NCCA leathanach 142)

- Éilítear ar iarrthóirí obair chúrsa ar aon teideal amháin a chur isteach.
- Baineann na teidil d'obair chúrsa leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal araon. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú.
- Féadfaidh iarrthóirí ar mian leo an obair chúrsa a mhaisiú le léaráidí é seo a dhéanamh sna spásanna folmha a sholáthraítear ag bun gach leathanaigh. Ní mór don iarrthóir na grafaicí nó na híomhánna ar fad a tharraingt nó a scanadh go díreach ar an leabhrán. Níor chóir dóibh, áfach, ábhar a cheangal nó a fheistiú den Leabhrán Obair Chúrsa.

*Teidil Dualgais don Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach*
do Scrúdú na hArdteistiméireachta 2013 – S 93/11

Tugtar rogha de dhá theideal i Roinn E agus i Roinn H thíos. Ba chóir do na hiarrthóirí an obair chúrsa acu a bhunú ar aon teideal amháin, glactha ó Roinn E nó ó Roinn H.

## *ROINN E: REILIGIÚN AGUS INSCNE*

**E.1 Próifíl den léiriú a thugtar ar Mhuire, máthair Íosa, in dhá cheann de na soiscéalta a leanas:**

- **Soiscéal Mhatha**
- **Soiscéal Mharcais**
- **Soiscéal Lúcáis**
- **Soiscéal Eoin**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar áit Mhuire, máthair Íosa, i Scrioptúir na Críostaíochta tríd an dóigh a léirítear Muire in dhá cheann de na Soiscéil atá liostaithe sa teideal a rianú go cruinn.

**E.2 *Tríd an stair bhí mná reiligiúnacha chun cinn mar leasaitheoirí sóisialta.* An fhianaise atá leis an ráiteas sin a iniúchadh agus tú ag tagairt do bheatha mná amháin dá leithéid agus don tionchar a bhí aici ar shochaí a linne.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar an méid a chuir mná le traidisiúin reiligiúnacha agus spioradálta trí shúil ghéar a chaitheamh ar an scéal beatha de chuid bean reiligiúnach amháin agus trí chonclúidí cruinne a bhaint as an tionchar a bhí aici ar an tsochaí lena linn.

## *ROINN H: AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA*

**H.1 Anailís ar conas atá an fhilíocht ina gné thábhachtach de dhá Shalm as an mBíobla.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar na Sailm mar sheánra liteartha agus tuiscint ar an mBíobla mar théacs beo clasaiceach trí shúil ghéar a chaitheamh ar theanga an mhachnaimh a úsáidtear i bhfilíocht na Salm agus trí fhianaise chruinn a chur ar fáil do na conclúidí a baineadh as dhá Shalm sa Bhíobla.

**H.2 Scrúdú ar conas a léiríonn an t-ábhar in dhá cheann de na soiscéalta sionoptacha ábhar suime na soiscéalaithe a luaitear leis na soiscéalta sin.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar an dóigh ar scríobhadh an Bíobla ar an gcéad dul síos trí shúil ghéar a chaitheamh ar an tslí a raibh tionchar ag ábhair spéise bheirte de na soiscéalaithe, Matha, Marcas nó Lúcás, ar an ábhar ina Soiscéil.

**CUID A – ACHOIMRE AR AN INIÚCHADH AR AN TEIDEAL ROGHNAITHE**

Marcanna *Critéir Mharcála mar a léirítear i gCuid A*

0 - 16 Má tá an freagra lag sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.

- Is píosa saothair beagbhríoch nó neamhábhartha é gan aon fhianaise tacaíochta nó fíorbheagán de ar fáil do na conclúidí a bhaintear maidir le teideal dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé gabháil phearsanta neamhleor do theideal dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé fianaise bhocht ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013
- Ní thugann sé ach beagán eolais, nó gan aon eolas tugtha, ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2013 á iniúchadh agus léiríonn sé úsáid bhocht de scileanna taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé beagán, nó gan aon fhianaise léirithe, gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 á cur i gcrích.

17 - 24 Má tá an freagra réasúnta sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.

- Is saothar imleor é. Tugtar achoimre theoranta ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2013, agus tá roinnt fianaise tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear
- Léiríonn sé gabháil phearsanta áirithe do theideal dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé fianaise éigin ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa
- Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2013 á iniúchadh agus léiríonn sé fianaise éigin ar an ngabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise áirithe gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 á cur i gcrích.

25 - 32 Má tá an freagra an-mhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.

- Is saothar fiúntach é
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shoiléir do theideal dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise mhaith gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 á cur i gcrích.
- Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2013 á iniúchadh
- Tugann sé achoimre ghinearálta ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2013, agus fianaise mhaith tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear.

33 - 40 Má tá an freagra sármhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.

- Is saothar fiúntach é i ndáiríre
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shubstaintiúil do theideal dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013
- Leagann sé amach go mionsonraithe na príomhphointí eolais ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus imscrúdú á dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2013. Léiríonn sé gabháil shubstaintiúil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 á cur i gcrích.
- Tugann sé achoimre iomlán agus ábhartha ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2013, agus fianaise shubstaintiúil tacaíochta do na conclúidí a bhaintear.

**Cuid B – Machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim, na scileanna agus na heispéiris a baineadh amach trí obair chúrsa a dhéanamh**

*Marcanna* *Critéir Mharcála mar atá soiléir i gCuid B*

0 - 16 Má tá an freagra lag/réasúnta sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe i.e.

- Is píosa saothair beagbhríoch é; tugtar cúis/míniú ar an bhfáth ar roghnaíodh an teideal obair chúrsa nach bhfuil aon ábharthacht nó nach bhfuil ach beagán ábharthachta aige le teideal dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé gabháil phearsanta neamhleor do theideal dualgais roghnaithe 2013. Ní thugann sé ach beagán nó gan aon chur síos ar an léargas a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 a dhéanamh
- Léiríonn sé fianaise bhocht ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé gabháil neamhleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Gan sainaithint ar bith nó sainaithint bheag déanta ar cheisteanna a d'eascair agus don éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 á déanamh
- Gan aon fhianaise nó fianaise bheag tugtha orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2013
  - → Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

17 - 24 Má tá an freagra go maith sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe i.e.

- Is saothar breá é
- Léiríonn sé gabháil phearsanta imleor do theideal dualgais roghnaithe 2013 sa mhéid is go dtugann sé míniú ar roghnú theideal na hoibre cúrsa atá ábhartha ach nach bhfuil go leor fianaise ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht faoi theideal dualgais roghnaithe 2013 ann. Tugann sé cur síos ginearálta ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 a dhéanamh
- Léiríonn sé fianaise chruinn ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais

roghnaithe 2013

- Léiríonn sé gabháil imleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise éigin ar shainaithint ceisteanna a d'eascair agus ar éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2013 á déanamh
- Léiríonn sé fianaise áirithe orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2013
  - → Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

25 - 32 Má tá an freagra <u>an-mhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> i.e.

- Is saothar fiúntach é
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shoiléir do theideal dualgais roghnaithe 2013. Tugtar míniú ginearálta agus fianaise éigin ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht faoi theideal dualgais roghnaithe 2013. Tugann sé cur síos ginearálta ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 a dhéanamh
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé sainaithint shoiléir ceisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2013 á déanamh
- Tugann sé fianaise mhaith orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2013
  - → Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

33 - 40 Má tá an freagra <u>sármhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> i.e.

- Is saothar fiúntach é i ndáiríre
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shubstaintiúil do theideal dualgais roghnaithe 2013. Tugtar míniú mionsonraithe agus fianaise shoiléir ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht faoi theideal dualgais roghnaithe 2013. Tugann sé cur síos mionsonraithe ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 a dhéanamh
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé gabháil shubstaintiúil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé sainaithint shoiléir ceisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2013 á déanamh
- Tugann sé fianaise shubstaintiúil orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2013
  - → Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.